Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2016**
**(OR. en)**

**14942/16**

**LIMITE**

**POLGEN 151**
**CADREFIN 117**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 |

**RIALACHÁN 2016/ … (AE, Euratom ) ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013**
**lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil**
**do na blianta 2014-2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 312 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Baineadh úsáid fhairsing as ionstraimí speisialta sna chéad bhlianta de chur chun feidhme an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020 a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[1] chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua atá tagtha chun cinn i gcomharsanacht na hEorpa agus a iarrann gníomhaíocht mhear agus chuimsitheach ón Aontas chun déileáil leis na himpleachtaí móra daonnúla agus slándála atá acu.

(2) Tá na himthosca sin fós ann arbh iad ba chúis leis na bearta urghnácha agus leis an ngá tuilleadh gníomhaíochta a dheanamh, rud a léiríodh nuair a chuathas ar iontaoibh na gcorrlach agus na n-ionstraimí speisialta, arís, faoin mbuiséad don bhliain 2017, rud a chiallaíonn go bhfuil infhaighteachtaí an bhuiséid laghdaithe chun aghaidh a thabhairt ar staideanna mar sin sa tréimhse atá fágtha den CAI.

(3) D'fhonn solúbthacht shonrach agus an tsolúbthacht is mó is féidir a chur chun feidhme agus d'fhonn leordhóthanacht na leithreasaí íocaíochta a áirithiú chun gur féidir leis an Aontas a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 323 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is gá na huasmhéideanna a leagadh amach do choigeartú na n-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochta do na blianta 2019-2020 faoin gcorrlach foriomlán d'íocaíochtaí a mhéadú.

[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

(4) D'fhonn cumas leordhóthanach a chaomhnú chun gur féidir leis an Aontas freagairt do chúinsí nach rabhthas ag súil leo, agus béim ar leith á cur ar na dúshláin nua, ba cheart an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála agus an Ionstraim Sholúbthachta a atreisiú, ba cheart na srianta ama maidir le comhdhéanamh an chorrlaigh fhoriomláin le haghaidh oibleagáidí a bhaint agus ba cheart raon feidhme an chorrlaigh fhoriomláin le haghaidh oibleagáidí a leathnú.

(5) Ba cheart solúbthacht shonrach agus an tsolúbhthacht is mó is féidir a áirithiú freisin trí fhoráil a dhéanamh chun méideanna nár úsáideadh ó Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a chur ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheofar leis na hionstraimí speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 9 go hAirteagal 15 solúbthacht CAI agus déanfar iad a leagan síos chun go bhféadfar an nós imeachta buiséid a reáchtáil ar bhealach rianúil. Féadfar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a chur isteach sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha na gceannteideal ábhartha a leagtar síos i CAI i gcás inar gá leas a bhaint as na hacmhainní ón gCúlchiste um Chabhair Éigeandála, ó Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, ón Ionstraim Sholúbthachta, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, ón gCorrlach Teagmhasach, ón tsolúbthacht shonrach chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc an ógra agus chun taighde a neartú agus ón gcorrlach foriomlán le haghaidh oibleagáidí i ndáil leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe i ndáil le fostaíocht don ógra, agus i ndáil le bearta imirce agus slándála, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 2012/2002* ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh.1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, agus an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i gcúrsaí buiséid agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais***.

---

* Rialachán (CE) Uimh.2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3).

** Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 855).

*** Comhaontú Idirinstiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistiú fónta airgeadais (IO C 373, 20.12.2013, lch. 1).'.

(2) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní rachaidh na coigeartuithe bliantúla thar na méideanna uasta seo a leanas (i bpraghsanna 2011) do na blianta 2018-2020 i gcomparáid leis an mbun-uasteorainn íocaíochta do na blianta ábhartha:

2018 - EUR 7 mbilliún

2019 - EUR 11 bhilliún

2020 - EUR 13 bhilliún.’.

(3) Cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 6(1):

‘(f) ríomh na méideanna a bheidh le cur ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta faoin dara fomhír d'Airteagal 11(1).’.

(4) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Socraítear méid bliantúil an Chúlchiste ag EUR 300 milliún (i bpraghsanna 2011) agus féadfar é a úsáid go dtí bliain n+1 i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Déanfar an Cúlchiste a chur isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil. Tarraingeofar ar an gcuid den mhéid bliantúil a eascróidh as an mbliain roimhe sin ar dtús. Rachaidh an chuid sin den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as i mbliain n+1 in éag.’.

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'*Airteagal 11*
*An Ionstraim Sholúbthachta*

1. Beartaítear leis an Ionstraim Sholúbthachta, i gcás bliana airgeadais faoi leith, go bhféadfar caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas é a shainaithneofar go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheidh ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile. Faoi réir an dara fomhír, beidh uasteorainn EUR 600 milliún (i bpraghsanna 2011) ar an méid bliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta.

   Gach bliain, ag tosú in 2017, déanfar an méid a bheidh ar fáil in aghaidh na bliana don Ionstraim Sholúbthachta a mhéadú:

   (a) de mhéid is ionann agus an chuid sin den mhéid bliantúil do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a chuaigh in éag sa bhliain roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 10(1);

   (b) de mhéid is ionann agus an chuid sin den méid bliantúil don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a chuaigh in éag sa bhliain roimhe sin.

   Méideanna a cuireadh ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta i gcomhréir leis an dara fomhír, úsáidfear iad i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Féadfar an chuid nach mbainfear úsáid as as méid bliantúil na hIonstraime Solúbthachta a úsáid suas go bliain n+3. Déanfar an chuid den mhéid bliantúil a eascraíonn ó na blianta roimhe sin a úsáid ar dtús, de réir aoise. Rachaidh an chuid sin den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as i mbliain n+3 in éag.'.

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*
*An corrlach foriomlán le haghaidh oibleagáidí i ndáil leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe an fhostaíocht i measc an ógra, agus i ndáil le bearta imirce agus slándála*

1. Beidh na corrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI do leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí mar Chorrlach Foriomlán CAI le haghaidh oibleagáidí, a bheidh le cur ar fáil de bhreis ar na huasteorainneacha a bhunaítear in CAI do na blianta 2016 go 2020 le haghaidh cuspóirí beartais a bhaineann leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe an fhostaíocht i measc an ógra, agus leis an imirce agus leis an tslándáil.

2. Gach bliain, mar chuid den choigeartú teicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 6, déanfaidh an Coimisiún an méid a bheidh ar fáil a ríomh. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi chuimsiú an nóis imeachta bhuiséadaigh de bhun Airteagal 314 CFAE, Corrlach Foriomlán CAI nó cuid de a shlógadh.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*